



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2018**

**Scéim Mharcála**

**GAEILGE**

**Gnáthleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Páipéar I (160 marc)**

**Cuid I - Cluastuiscint - 60 marc**

- (i) Tuiscint = 60 marc
- (ii) Cumas Gaeilge - (0-6) marc
- (iii) Iomlán =

**Cuid A: 24 marc (Eolas)**

Fógra 1: 3 mharc x 4 = 12 mharc

Fógra 2: 3 mharc x 4 = 12 mharc

**12 + 12 = 24 marc**

**Cuid B: 24 marc (Eolas)**

Comhrá 1: 3 mharc x 4 = 12 mharc

Comhrá 2: 3 mharc x 4 = 12 mharc

**12 + 12 = 24 marc**

**Cuid C: 12 mharc (Eolas)**

Píosa 1: 3 mharc x 2 = 6 mharc

Píosa 2: 3 mharc x 2 = 6 mharc

**6 + 6 = 12 mharc**

**24 + 24 + 12 = 60**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

## Téipscript

### Cuid A

#### Fógra 1 (Canúint Uladh)

Seo fógra ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh Oíche Chultúir na bliana seo ar siúl Dé hAoine seo chugainn, an t-aonú lá is fiche de Mheán Fómhair. Eagrófar imeachtaí cultúrtha ó cheann ceann na tíre an oíche sin chun deis a thabhairt do phobal na hÉireann saibhreas cultúrtha na tíre a bhlaiseadh. Anseo i mBaile na hInse, beidh sraith imeachtaí ar siúl in ionad cultúir an bhaile. Tosóidh ceolchoirm mhór ar a seacht a chlog. Beidh ceol beo, damhsa agus amhránaíocht ar siúl le linn na ceolchoirme. Chomh maith leis sin, beidh an file áitiúil, Liam de Brún, ag léamh a chuid filíochta sa léachtlan. Cuirfear deireadh leis na himeachtaí le céilí mór a thosóidh ar leath i ndiaidh a naoi. Bígí linn.

#### Fógra 2 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó Chumann Drámaíochta Ráth Chairn, Contae na Mí. Cuirfidh Cumann Drámaíochta Ráth Chairn dráma na Nollag ar stáitse san ionad pobail ar feadh ceithre oíche ón séú lá déag go dtí an naoú lá déag de mhí na Nollag. Tosóidh an dráma gach oíche ar leathuair tar éis a hocht. Tabharfar an t-airgead ar fad a bhaileofar don bhunscoil áitiúil. Bhí stoirm uafásach ann le déanaí a rinne a lán damáiste sa cheantar. Séideadh an díon de halla na bunscoile. Thosaigh an obair dheisiúcháin ar an díon Dé Luain seo caite. Cosnóidh an obair dheisiúcháin sin €80 000. Tá na ticéid don dráma ar díol in oifig na bunscoile agus sa siopa i lár an bhaile.

### Cuid B

#### Comhrá 1 (Canúint na Mumhan)

##### An Chéad Mhír

**Tomás:** Haigh, a Orla. Conas atá tú?

**Orla:** Ó, a Thomáis, tá deifir orm. Tá mé i mo bhall den ghrúpa scoile ‘Lámh Chúnata’ agus tá gradam le bronnadh ar an ngrúpa ag ócáid speisialta a bheidh ar siúl i leabharlann na scoile anocht.

**Tomás:** Cé a bhronnfaidh an gradam oraibh?

**Orla:** An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

**Tomás:** Ó, go maith. Conas a thuill sibh an gradam sin?

**Orla:** Bhí dhá aidhm againn – ceangal a dhéanamh idir an scoil agus grúpaí sa phobal áitiúil, agus cur le tuiscint na scoláirí ar chúrsaí sóisialta. D’éirigh linn an dá aidhm sin a bhaint amach.

**Tomás:** Maith sibh. Cé leis a raibh sibh ag plé sa phobal?

**Orla:** Sa chéad téarma, bhíomar ag obair le hÁras na Seandaoine. Théadh grúpa scoláirí go hÁras na Seandaoine uair sa tseachtain. Bhídís ag seinm ceoil nó ag canadh amhrán do na daoine ann.

**Tomás:** Ba dheas an rud é a bheith i gcomhlúadar na seandaoine, a Orla.

### **An Dara Mír**

**Orla:** Chomh maith leis sin, a Thomáis, bhí baint ag an scoil leis an gceabhbh áitiúil den eagraíocht Focus Ireland. Tá tuiscint níos fearr ag na scoláirí anois ar dhaoine atá gan dídean.

**Tomás:** Bíonn cuid mhór cainte sna meáin faoi dhaoine gan dídean na laethanta seo. Cad a rinne an grúpa ‘Lámh Chúnta’ chun na scoláirí a chur ar an eolas faoi sin?

**Orla:** Bhí lá eolais againn sa scoil i mí an Mhárta. Labhair aoichainteoir ó Focus Ireland leis na scoláirí.

**Tomás:** Cad iad na pointí a luaigh an t-aoichainteoir leis na scoláirí?

**Orla:** Mhínigh sé na cúiseanna a mbíonn daoine áirithe gan dídean, an saghas saoil a bhíonn ag daoine gan dídean, agus na seirbhísí a chuireann Focus Ireland ar fáil do dhaoine gan dídean.

**Tomás:** Tá ionad lae ag Focus Ireland díreach trasna ón scoil. An mbíonn scoláirí ag cabhrú go deonach san ionad lae sin?

**Orla:** Bíonn, cinnte. Bíonn grúpa scoláirí, mise ina measc, ag obair san ionad lae ar feadh dhá uair a chloig gach Satharn. Bímid ag ullmhú beartáin bhia do na daoine a bhuaileann isteach ann.

**Tomás:** Ní neart go cur le chéile, a deir an seanfhocal, a Orla, agus is fíor é sin i gcás na scoláirí i do scoilse.

**Orla:** Is fíor cinnte. Ach caithfidh mé brostú.

**Tomás:** Bain taitneamh as an oíche, a Orla.

## Comhrá a Dó (Canúint Chonnacht)

### An Chéad Mhír

- Sorcha:** Ní raibh tú ar scoil inné, Jakub. An raibh tú tinn?
- Jakub:** Ní raibh in aon chor, a Shorcha. Bhí mé thuas san Ionad Comhdhála i mBaile Átha Cliath ag searmanas speisialta.
- Sorcha:** Cén searmanas a bhí ar siúl ansin?
- Jakub:** Bronnadh saoránacht na hÉireann orm féin agus ar mo theaghlach.
- Sorcha:** Comhghairdeas leat. Lá mór duit féin agus do do theaghlach ba ea é.
- Jakub:** Lá mór cinnte, a Shorcha. Bhíomar ag tnúth leis le fada.
- Sorcha:** Cathain a tháinig sibh go hÉirinn den chéad uair?
- Jakub:** Tháinig an teaghlach go léir anseo sa bhliain 2011.
- Sorcha:** Cén fáth ar tháinig sibh go hÉirinn?
- Jakub:** Chaill Daid a phost i Vársá agus shocraigh mo thuismitheoirí teacht anseo ag lorg oibre.
- Sorcha:** An bhfuil post maith ag d'athair in Éirinn anois?
- Jakub:** Tá, cinnte. Tá sé ag obair mar shiúinéir agus tá tuarastal maith aige.
- Sorcha:** Tá go leor deiseanna fostaíochta ann do shiúinéirí in Éirinn na laethanta seo mar tá borradh faoi thionscal na tógála arís. Cén post atá ag do mháthair?
- Jakub:** Is altra í san ospidéal i gCaisleán an Bharraigh. Táimid ar fad sona sásta anseo.

### An Dara Mír

- Sorcha:** Tá spéis agatsa sa Ghaeilge, Jakub, nach bhfuil?
- Jakub:** Is aoibhinn liom an Ghaeilge. Chaith mé trí seachtaine i gcoláiste samhraidh ar Oileán Acla i mí Iúil seo caite.
- Sorcha:** Agus an imríonn tú cluichí Gaelacha freisin?
- Jakub:** Imrím iománaíocht le foireann na sinsear ar scoil.
- Sorcha:** Is ball de náisiún na hÉireann thú gan aon dabht.
- Jakub:** Ach fanfaidh cuid de mo chroí sa Pholainn i gcónaí.
- Sorcha:** Féach ar an bhfógra seo, Jakub. Beidh Féile Ilchultúrtha ar siúl Dé Domhnaigh seo chugainn i halla an bhaile. Ar mhaith leat dul ann?
- Jakub:** Ba mhaith, cinnte.
- Sorcha:** Táim féin ag tnúth go mór leis. Gheobhaidh mé eolas ann faoi nósanna maireachtála na bpobal éagsúil atá sa tír seo anois.

## Cuid C

### Píosa 1 (Canúint Uladh)

Thug Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath onóir speisialta anuraidh do bhean as Gaeltacht Thír Chonaill. Ainmníodh foirgneamh na ríomhaireachta ar champas na hollscoile i gcuimhne ar Chaitlín Nic an Ultaigh mar aitheantas ar a cuid oibre i saol na ríomhaireachta. Rugadh Caitlín i nGaeltacht Thír Chonaill sa bhliain 1921. Chuaigh sí féin agus a muintir ar imirce go Meiriceá nuair a bhí sí trí bliana d'aois. Rinne sí céim sa Mhata ar an ollscoil agus ina dhiaidh sin, d'oibrigh sí le comhlachtaí ríomhaireachta. Bhain Caitlín cáil amach sa bhliain 1946 nuair a bhí ina ríomhchláraitheoir ar an chéad ríomhaire digiteach leictreonach i Meiriceá.

### Píosa 2 (Canúint na Mumhan)

Bronnadh teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil ar an Taoiseach, Leo Varadkar, ag ócáid speisialta i dTeach an Ard mhéara i mBaile Átha Cliath ar an seachtú lá de Mheán Fómhair anuraidh. Rinne Leo Varadkar an cúrsa seo le Gaelchultúr. Thug an cúrsa deis dó feabhas a chur ar a chuid Gaeilge labhartha. D'fhreastail sé ar rang uair amháin sa tseachtain agus rinne sé ceachtanna ar líne. Bhí scrúdú cainte le déanamh aige ag deireadh an chúrsa. Ba é Rónán Ó Domhnaill, an Coimisinéir Teanga, a bhronn na teastais ar an rang.

### Cuid A (24 marc)

#### FÓGRA A hAON (12 mharc)

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cén lá a bheidh Oíche Chultúir na bliana seo ar siúl?	Dé hAoine seo chugainn	<b>3 mharc</b>
	Dé hAoine	<b>3 mharc</b>
Cén t-am a thosóidh an cheolchoirm mhór?	Ar a seacht a chlog/7 a chlog/7 p.m./7.00	<b>3 mharc</b>
Scríobh síos rud <b>amháin</b> a bheidh ar siúl le linn na ceolchoirme.	Ceol beo	<b>3 mharc</b>
	Ceol	<b>3 mharc</b>
	Amhránaíocht/amhráin	<b>3 mharc</b>
	Damhsa/rince	<b>3 mharc</b>
Cad a bheidh ar siúl ag Liam de Brún sa léachtlann?	Ag léamh (a chuid) filíochta	<b>3 mharc</b>
	Ag léamh = 2 mharc      Filíocht = 1 mharc	

## FÓGRA A DÓ (12 mharc)

1. (a) Cad a bheidh ar siúl san ionad pobail ar feadh ceithre oíche? **3 mharc**  
Dráma na Nollag = 3 mharc  
Dráma = 2 mharc  
Drámaíocht = 2 mharc
- (b) Cad a dhéanfar leis an airgead ar fad a bhaileofar? **3 mharc**  
Tabharfar an t-airgead (ar fad) don bhunscoil áitiúil = 3 mharc  
Tabharfar an t-airgead (ar fad) don bhunscoil = 3 mharc  
Don bhunscoil = 3 mharc  
Bunscoil = 2 mharc
2. (a) Cad a rinne a lán damáiste sa cheantar le déanaí? **3 mharc**  
Stoirm uafásach = 3 mharc  
Stoirm = 3 mharc
- (b) Cé mhéad a chosnóidh an obair dheisiúcháin? **3 mharc**  
(€) 80 000 = 3 mharc  
Ochtó míle (euro) = 3 mharc

## *Cuid B (24 marc)*

### COMHRÁ A hAON (12 mharc)

#### *An Chéad Mhír*

1. Cá mbeidh an ócáid speisialta ar siúl anocht? **3 mharc**  
I leabharlann na scoile = 3 mharc  
Sa leabharlann = 2 mharc  
Sa scoil = 2 mharc
2. Scríobh síos rud **amháin** a bhíodh ar siúl ag na scoláirí in Áras na Seandaoine. **3 mharc**  
Ag seinm ceoil = 3 mharc  
Ag canadh amhrán = 3 mharc  
Ag canadh = 3 mharc  
Ag seinm = 3 mharc  
Amhrá(i)n = 2 mharc  
Ceol = 2 mharc



### ***An Dara Mír***

1. Cad a bhí ar siúl sa scoil i mí an Mhárta? **3 mharc**
- Lá eolais = 3 mharc  
Labhair aoichainteoir ó Focus Ireland leis na scoláirí = 3 mharc  
Caint faoi dhaoine gan dídean = 3 mharc  
Caint/eolas ó Focus Ireland = 3 mharc  
Labhair aoichainteoir = 2 mharc  
Focus Ireland = 1 mharc
2. Cá fhad a chaitheann an grúpa scoláirí ag obair san ionad lae gach Satharn? **3 mharc**
- Dhá uair an chloig = 3 mharc  
Dhá uair = 3 mharc  
2 uair = 3 mharc

### **COMHRÁ A DÓ (12 mharc)**

### ***An Chéad Mhír***

1. Cén bhliain a tháinig Jakub agus a theaghlach go hÉirinn? **3 mharc**
- 2011 = 3 mharc  
Dhá mhíle is a haon déag = 3 mharc
2. Cén post atá ag máthair Jakub? **3 mharc**
- Altra/Banaltra = 3 mharc  
Ag obair/post san ospidéal = 2 mharc

### ***An Dara Mír***

1. Cén spórt a imríonn Jakub le foireann na sinsear ar scoil? **3 mharc**
- Iománaíocht = 3 mharc
2. Cathain a bheidh an Fhéile Ilchultúrtha ar siúl? **3 mharc**
- Dé Domhnaigh seo chugainn = 3 mharc  
Dé Domhnaigh = 3 mharc

## Cuid C (12 mharc)

### PÍOSA A hAON (6 mharc)

1. Cén bhliain a rugadh Caitlín Nic an Ultaigh? **3 mharc**  
Sa bhliain 1921 = 3 mharc  
1921 = 3 mharc  
Míle naoi gcéad fiche a haon = 3 mharc
2. Cá ndeachaigh Caitlín agus a muintir ar imirce nuair a bhí sí trí bliana d'aois? **3 mharc**  
(Go) Meiriceá = 3 mharc

### PÍOSA A DÓ (6 mharc)

1. Cén dáta a bhí an ócáid speisialta seo ar siúl? **3 mharc**  
An seachtú lá de Mheán Fómhair = 3 mharc  
7/09 = 3 mharc  
Meán Fómhair = 1 mharc  
An seachtú lá = 1 mharc
2. Cad a bhí le déanamh ag Leo Varadkar ag deireadh an chúrsa? **3 mharc**  
Scrúdú cainte = 3 mharc  
Béaltriail = 3 mharc  
Scrúdú Gaeilge = 2 mharc  
Scrúdú = 1 mharc

Eolas (60) =

Gaeilge (0-6) =

Móriomlán (60) =

**Cuid II – Ceapadóireacht – (100 marc)**

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)**

Leathleathanach nó breis:

Tasc = 2 mharc

Ábhar = 8 marc = 50 marc x 2

Cumas Gaeilge = 40 marc

**= 100 marc**

- (i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, oiriúnach, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha)

**agus**

- (ii) Cruinneas Gaeilge = Beachtas maidir le cruinnúsáid phríomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoninsint...) agus litriú

[Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar. **Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ad rem.**]

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

T (Tasc) (2) =

Á (Ábhar) (8) =

G (Gaeilge) (40) =

<b>Réimse</b>			<b>Catagóir</b>	<b>40</b>
<b>Sármhaith</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	95%	38
		Meánach	90%	36
		Íseal	85%	34
<b>An-mhaith</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	80%	32
		Meánach	75%	30
		Íseal	70%	28
<b>Maith</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	65%	26
		Meánach	60%	24
		Íseal	55%	22
<b>Maith go leor</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	50%	20
		Meánach	45%	18
		Íseal	40%	16
<b>Lag</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	35%	14
		Meánach	30%	12
		Íseal	25%	10
<b>An-lag</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	20%	8
		Meánach	15%	6
		Íseal	10%	4
<b>Easnamhach</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge		5%	2

**Páipéar II (200 marc)**

**CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc**

Freagair **A** agus **B** anseo.

**A – (50 marc)**

**Éire an Lae Inniu**

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

1. (a) Scríobh síos **dhá** chúis a raibh blianta deacra ag muintir na hÉireann nuair a tharla an cúlú eacnamaíochta. (Alt 1)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3** mharc; an dara cúis atá ceart = **2** mharc

- Chaill a lán daoine a bpost
- Chaill go leor teaghlach a dteach
- Chuaigh a lán daoine thar lear ag lorg oibre

- (b) Cén fáth a bhfuil na seirbhísí poiblí ag feabhsú arís? (Alt 1)

**5 mharc**

- Mar tá níos mó airgid ag an rialtas le caitheamh orthu

2. (a) Cén fáth a raibh sé ina lá stairiúil nuair a bhuaigh Paul agus Gary Ó Donnabháin boinn airgid sna Cluichí Oilimpeacha in 2016? (Alt 2)

**5 mharc**

- Mar ba é sin an chéad uair a bhuaigh aon duine as an tír seo bonn Oilimpeach sa rámhaíocht

- (b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi ‘Stripe’, an córas íocaíochta ar líne. (Alt 2)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad píosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Tá ainm an chomhlachta ‘Stripe’ in airde ar fud an domhain
- Is córas íocaíochta ar líne é a chruthaigh na deartháireacha John agus Patrick Collison as Contae Luimnigh
- Cuidíonn ‘Stripe’ le daoine gnó a dhéanamh go sábháilte ar líne le cártaí creidmheasa

3. (a) Cén seans a thugann an saoroideachas do gach duine sa tír seo? (Alt 3)

**5 mharc**

- Tá seans ag gach duine sa tír seo leanúint ar aghaidh leis an oideachas dara leibhéal chomh fada leis an Ardeistiméireacht

(b) Tabhair **dhá** bhealach ar féidir le scoláirí a dtallanna a fhorbairt taobh amuigh den seomra ranga. (Alt 3)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad bhealach atá ceart = **3 mharc**; an dara bealach atá ceart = **2 mharc**

- Bíonn deis acu spórt a imirt
- Bíonn deis acu ceol a sheinm
- Bíonn deis acu páirt a ghlacadh i ndrámáí
- Bíonn siad ar choistí éagsúla
- Bíonn deis acu dul ar thurais scoile
- Bíonn taithí oibre le fáil ar chuid de na cúrsaí scoile

4. (a) Cén fáth a bhfuil Bliain na Gaeilge ar siúl in 2018? (Alt 4)

**5 mharc**

- (Tá Bliain na Gaeilge ar siúl in 2018) chun ceiliúradh a dhéanamh ar gach rud atá bainte amach ar son na Gaeilge le céad fiche a cúig bliain anuas = 5 mharc
- (Tá Bliain na Gaeilge ar siúl in 2018) chun ceiliúradh a dhéanamh ar gach rud atá bainte amach ar son na Gaeilge = 3 mharc

(b) Tabhair **dhá** shampla d'úsáid na Gaeilge ar líne. (Alt 4)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad sampla atá ceart = **3 mharc**; an dara sampla atá ceart = **2 mharc**

- Tá scéalta nuachta nó ceoil nó spóirt ar fáil ar [www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie)
- Tá a lán blaganna Gaeilge ar líne
- Tá go leor aipeanna Gaeilge ar fáil
- Bíonn cuid mhór Gaeilgeoirí ag tvuíteáil

5. (a) Scríobh síos **dhá** cheann de na fadhbanna atá sa tír fós. (Alt 5)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad fhadhb atá ceart = **3 mharc**; an dara fadhb atá ceart = **2 mharc**

- Níl go leor tithe ann
- Tá a lán daoine sa tír nach bhfuil ábalta áit chónaithe d'aon saghas a fháil
- Tá a lán daoine ag fanacht le cóir leighis a fháil sna hospidéal

(b) Cén baol atá ann don tír seo nuair a fhágfaidh an Bhreatain an tAontas Eorpach? (Alt 5)

**5 mharc**

- Tá an baol ann go mbeidh cúlú eacnamaíochta eile in Éirinn nuair a fhágfaidh an Bhreatain an tAontas Eorpach

**Nóta:** Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = ...

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

E (50) =

G (0-5) = -

Iom =

**Caitriona Perry: Craoltóir, Láithreoir agus Údar**

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

1. (a) Cén obair a rinne Caitriona Perry in Washington mar chomhfhreagraí RTÉ? (Alt 1)

**5 marc**

- (Bhí Caitriona ag obair in Washington mar chomhfhreagraí RTÉ) ag cur scéalta nuachta faoi imeachtaí móra sna Stáit Aontaithe ar fáil ar an raidió agus ar an teilifís = 5 marc
- Ag cur scéalta nuachta faoi imeachtaí móra sna Stáit Aontaithe ar fáil = 5 marc
- Ag cur scéalta nuachta faoi imeachtaí móra sna Stáit Aontaithe ar fáil ar an raidió = 5 marc

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin rud neamhghnách a tharla do Chaitriona in oifig Uachtarán na Stát Aontaithe sa Teach Bán. (Alt 1)

**5 marc**

An chéad píosa eolais atá ceart = **3** marc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** marc

- (Fad a bhí an tUachtarán Donald Trump ag caint ar an bhfón le Taoiseach nua na hÉireann, Leo Varadkar) labhair an tUachtarán le Caitriona go pearsanta
- D'iarr sé uirthi teacht chuig a dheasc
- Scaipeadh na pictiúir den bheirt ar na meáin nuachta ar fud an domhain

2. (a) Cad a rinne Caitriona in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath? (Alt 2)

**5 marc**

- Bhain sí céim amach san iriseoireacht = 5 marc
- Bhain sí céim amach = 3 marc

(b) Cén staidéar a rinne Caitriona mar chuid dá cúrsa iarchéime? (Alt 2)

**5 marc**

- Rinne sí staidéar ar an bpolaitíocht san Eoraip, i Meiriceá agus sa Mheánoirthear = 5 marc
- Rinne sí staidéar ar an bpolaitíocht san Eoraip = 3 marc
- Rinne sí staidéar ar an bpolaitíocht i Meiriceá = 3 marc
- Rinne sí staidéar ar an bpolaitíocht sa Mheánoirthear = 3 marc



3. (a) Luaigh **dhá** chúis a raibh saol oibre Chaitriona i Meiriceá deacair. (Alt 3)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3 mharc**; an dara cúis atá ceart = **2 mharc**

- Bhíodh uirthi tuairiscí a chur ar fáil do nuacht RTÉ beagnach gach lá
- Bhíodh sí ag obair fiche uair an chloig in aghaidh an lae uaireanta
- Bhíodh uirthi eitilt ar fud na tíre go minic ag bailiú scéalta sna stáit éagsúla

- (b) Cén fáth a bhfuair Caitriona moladh mór sa bhliain 2015? (Alt 3)

**5 mharc**

- (Fuair sí moladh mór) as na tuairiscí a chuir sí ar fáil ar na hÉireannaigh a ghlac páirt sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta (in Los Angeles sa bhliain 2015) = 5 mharc

4. (a) Cad a rinne Caitriona nuair a bhí an feachtas uachtaránachta deireanach ar siúl i Meiriceá? (Alt 4)

**5 mharc**

- Thaistil sí ar fud na stát éagsúil agus bhuail sí le gnáth-Mheiriceánaigh i rith an fheachtais sin = 5 mharc
- Bhuail sí le gnáth-Mheiriceánaigh i rith an fheachtais sin = 5 mharc

- (b) Tabhair **dhá** chúis ar bhuaigh Trump toghchán na huachtaránachta, de réir an chuntais i leabhar Chaitriona. (Alt 4)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3 mharc**; an dara cúis atá ceart = **2 mharc**

- Bhí muintir Mheiriceá tuirseach de na polaiteoirí traidisiúnta
- Cheap a lán daoine go raibh Trump difriúil
- Bhí dóchas acu go gcabhródh Trump leo obair agus saol níos fearr a bheith acu

5. (a) Cad a dhéanann Caitriona Perry agus Keelin Shanley in RTÉ anois? (Alt 5)

**5 mharc**

- Cuireann sí féin agus Keelin Shanley nuacht RTÉ i láthair ar an teilifís anois, ar a sé a chlog (gach lá ó Luan go hAoine) = 5 mharc
- Cuireann sí féin agus Keelin Shanley nuacht RTÉ i láthair anois = 3 mharc
- Cuireann sí féin agus Keelin Shanley nuacht RTÉ i láthair = 3 mharc
- Cuireann sí féin agus Keelin Shanley nuacht RTÉ i láthair ar an teilifís = 3 mharc

(b) Scríobh síos **dhá** rud a dhéanann Caitríona nuair a bhíonn am saor aici. (Alt 5)

$$3 \text{ mharc} + 2 \text{ mharc} = 5 \text{ mharc}$$

An chéad rud atá ceart = 3 mharc; an dara rud atá ceart = 2 mharc

- Is aoibhinn léi an aclaíocht
- Ritheann sí maratóin
- Téann sí ag snámh
- Téann sí chuig ranganna íoga

**Nóta:** Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = ...

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

E (50) =  
G (0-5) = -  
Iom =

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) Oisín i dTír na nÓg

Freagair na ceisteanna thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

(25 marc)

(i) Cén fáth ar tháinig Niamh Chinn Óir go hÉirinn?

(5 mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- Tháinig Niamh Chinn Óir go hÉirinn le grá d'Oisín...
- Thug Niamh grá éagmaiseach dó...
- Chuala Niamh scéalta faoi phearsantacht agus faoi mhéin Oisín i dTír na nÓg...

(ii) Tabhair **dhá** rud a d'inis Niamh Chinn Óir d'Oisín faoi Thír na nÓg.

**Dhá** rud = 3 mharc + 2 mharc

(5 mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- Is í Tír na nÓg an tír is aoibhne faoin ngrian...
- Tá na crainn i dTír na nÓg ag cromadh le toradh is bláth...
- Tá mil is fion go flúirseach i dTír na nÓg...
- Gheobhaidh sé gach rud inti dá bhfaca súil...
- Ní bheidh meath ná éag sa tír...
- Beidh Niamh Chinn Óir go deo mar bhean chéile aige...

(iii) Scríobh síos **dhá** rud a tharla chomh luath agus a shroich Niamh Chinn Óir agus Oisín Tír na nÓg le chéile den chéad uair.

**Dhá** rud = 3 mharc + 2 mharc

(5 mharc)

### Freagraí Samplacha:

- ‘Tháinig trí caogaid laoch ab fhearr lúth agus céad ban óg ab áille gnaoi’ chucu...
- Tugadh iad chuig Rí agus chuig Banríon Thír na nÓg...
- Labhair Rí na nÓg leo...Dúirt sé le hOisín go mbeadh saol buan aige sa tír agus go mbeadh sé óg go deo...
- Bheadh gach aoibhneas ag Oisín agus bheadh Niamh Chinn Óir go deo aige mar chéile...
- Chaith siad fleá agus féasta a mhair deich n-oíche is deich lá...
- Pósadh Oisín agus Niamh Chinn Óir...

- (iv) Cad a dúirt Niamh Chinn Óir le hOisín nuair a bhí an t-each bán á thabhairt aici dó chun filleadh ar Éirinn?

(5 mharc)

### Freagraí Samplacha:

- Dúirt Niamh leis go raibh leisce uirthi ligean dó imeacht ar ais go hÉirinn...
- Dúirt sí leis gan a chosa a chur ar thalamh na hÉireann...
- Dúirt sí leis dá gcuirfeadh sé a chosa ar thalamh na hÉireann nach dtiocfadh sé ar ais go Tír na nÓg go deo...
- Níl Éire anois mar a bhí agus ní fheicfidh sé Fionn ná na Fianna...

- (v) Luaigh **dhá** chúis ar mhaith le Naomh Pádraig Oisín a thabhairt leis ar a thurais ar fud na hÉireann.

**Dhá** chúis = 3 mharc + 2 mharc

(5 mharc)

### Cúiseanna Samplacha:

- Bhí trua aige don seanfhear dall...
- Ba mhaith le Naomh Pádraig seanchas an tseansaoil a fháil ó Oisín...
- Ba mhaith le Naomh Pádraig soiscéal Dé a mhúineadh d’Oisín i ndeireadh a shaoil...

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

### (b) Dís (25 marc)

“Féach ansan. Toradh surbhé a deineadh. Deirtear ann go bhfuil an ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona, míshásta. Táimse ansan, ina measc.” *Dís*

Déan cur síos ar an gcomhrá idir Seán agus a bhean chéile faoin suirbhé an tráthnóna sin.

5 pointe eolais agus 5 mharc ar gach pointe eolais

(5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais agus 3 mharc ar fhorbairt)

## **Pointí Eolais samplacha:**

### **Bualadh le bean an tsuirbhé**

Tháinig bean go dtí an doras i mí Eanáir agus bhí suirbhé á dhéanamh aici. Bhí an bhean ag súil le páiste agus ba cheart go mbeadh an páiste aici anois. Dúirt bean an tí le Seán a ghlór a íslíú nó go ndúiseodh sé an leanbh.

### **Fearg ar an mbean**

Bhí fearg ar an mbean lena fear céile mar cheap sí go raibh an páipéar níos tábhachtaí ná í féin/mar níor labhair Seán léi.

### **Míshástacht bhean Sheáin**

Bhí bean an tí míshásta mar is beag meas atá ag aon duine ar mhná a dhéanann obair tí. As seo amach glaofaídh sí ‘staitistic’ uirthi féin mar go bhfuil níos mó measa ag daoine ar an bhfocal ‘staitistic’ ná ar an bhfocal ‘bean an tí’.

### **Fearg ar Sheán**

Bhí fearg ar Sheán gur thug a bhean chéile gach eolas don strainséir faoin mbeirt acu. D’iarr sí air gan a bheith buartha faoin suirbhé/mar bhí an t-eolas ar fad a thug sí faoi rún.

### **Bean an tsuirbhé agus an post ag bean an tí**

Bhí bean an tsuirbhé pósta le dhá bhliain/agus bhí sí ag súil le leanbh. Bhí sí agus a fear céile ina gcónaí in árasán ach ní ligfeadh an t-úinéir aon leanbh isteach ann. Bhí sí agus a fear ag obair chun airgead tí a chur le chéile. Bhí plean ag bean an tí an post a dhéanamh fad is a bheadh an bhean san ospidéal chun an leanbh a bheith aici. Bhí plean ag bean an tí sorn a cheannach leis an airgead. Bhí fearg ar Sheán go mbeadh a bhean ag dul ó dhoras go doras agus an leanbh ina baclainn aici.

### **Faoiseamh ó bheith ag gearán**

Dúirt bean an tí nach raibh sí míshona agus nár inis sí an fhírinne sa suirbhé. Rinne Seán rud éigin an mhaidin sin/nó an oíche roimhe sin, rud a chuir fearg ar bhean an tí. Bhí an mhaidin sin gruama agus an teach trí chéile/bhí an bille ESB tar éis teacht. Bhí cupán tae ag bean an tí agus ag bean an tsuirbhé le chéile agus bhíodar sásta ansin. Fuair sí sásamh as scaoileadh léi féin agus ionsaí a dhéanamh ar fhir. Cheap sí go raibh locht amháin ar an suirbhé, nach raibh go leor ceisteanna ann.

### **Na Síinigh, Na hIndiaigh agus na seanlaethanta**

Thosaigh bean an tí ag caint faoi na Síinigh fadó, bhí nós acu an bhean chéile a dhó nuair a chailltí an fear. Cheap Seán go raibh dul amú uirthi agus go raibh an nós ag na hIndiaigh an bhean chéile a dhó nuair a chailltí an fear. Cheap an bhean go raibh gá le bean chun leanbh a chur ar an saol agus chun an leanbh a thógáil. Nuair a bhíonn an leanbh imithe tá gá fós aire a thabhairt don fhear. Nuair a fhaigheann an fear céile bás ní fhaigheann bean an tí ach pinsean beag suarach. Sna seanlaethanta bhíodh an bhean ina suí ag insint seanscéalta agus ag caint faoi sheanleigheasanna.

### **Leabhar Dearg le Mao**

Ba mhaith le bean an tí leabhar dearg le Mao a léamh, nuair nach bhfaigheadh sí an páipéar/nó nuair nach mbeadh aon duine le labhairt léi. Cheap sí go mbeadh an post aici go luath, mar dúirt bean an tsuirbhé go mbeadh sí i dteagmháil léi. Tuigeann bean an tí ansin go raibh an bhean ag insint bréag di chun go bhfreagródh sí a cuid ceisteanna. Bhí fearg uirthi gur fhreagair sí a ceisteanna/gur thug sí caife di/go raibh sí ag insint bréag di/gur chaith sí an mhaidin léi.

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin ó thús go deireadh an scéil.

(25 marc)

An phríomhphearsa (an príomhcharachtar) a lua = 1 mharc  
Na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa scéal = 22 marc

5 phointe eolais ag teastáil

(5 mharc an ceann ar an gcéad **dhá** phointe eolais + 4 mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)  
(23 marc)

5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 3 mharc ar fhorbairt  
4 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 2 mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an scéil bhéaloidis = 2 mharc

(2 mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

- (b) Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghearrscéal sin.

(25 marc)

5 phointe eolais ag teastáil

(5 mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + 4 mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile)  
(23 marc)

5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 3 mharc ar fhorbairt  
4 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 2 mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an ghearrscéil = 1 mharc

Ainm an údair = 1 mharc

(2 mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

## Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).

A

– FILÍOCHT AINMNITHE –

(50 marc)

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) **Mo ghrá-sa (idir lúibíní)** (25 marc)

(i) (a) Cá mbíonn bláth na n-airní ag fás? (2 mharc)

**Freagraí Samplacha:** Bíonn siad ag fás i ngairdín...bíonn siad ag fás ar chrann...ar an sceach gheal...

Véarsa a haon, Línte 3 + 4 = 2 mharc

(b) Cathain a fhásfaidh nóiníní as cluasa an fhir? (2 mharc)

**Freagraí Samplacha:** Fásfaidh siad as a chluasa nuair a bheidh sé curtha sa talamh/nuair a gheobhaidh sé bás/nuair a bheidh sé san uaigh...

Véarsa a dó, Línte 3 + 4 = 2 mharc

(c) Cén cur síos a dhéanann an file ar shúile an fhir? (2 mharc)

**Freagraí Samplacha:** Níl dath glas ar a shúile/níl cuma cheolmhar orthu/tá siad róchóngarach dá chéile/tá siad gar dá chéile/níl siad scartha óna chéile...

Véarsa a trí = 2 mharc

(d) Scríobh síos rud **amháin** a deir an file faoi ghruaig an fhir. (2 mharc)

**Freagraí Samplacha:** Tá ribí a ghruaige cosúil le WIRE deilgní/cosúil le bean dhubh Shakespeare/níl a ghruaig go deas...

Véarsa a ceathair = 2 mharc

(ii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán. (9 marc)

An mothúchán is láidre = 1 mharc

Sampla 1 = 4 mharc

Sampla 2 = 4 mharc

An mothúchán is láidre: grá, áthas, sonas, sástacht, meas, bród, cneastacht...

**Treoir:** Samplaí ábhartha, cuí ón dán a léiríonn an mothúchán is láidre atá ainmnithe ag an iarrthóir

**Nóta:** Línte cuí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar na samplaí = 2 mharc + 2 mharc

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(8 marc)

Is maith/Ní maith = 1 mharc

**Dhá** fháth = 4 mharc + 3 mharc

**Freagraí Samplacha:**

**Is maith**...bhí sí i ngrá leis...an fear cneasta...tugann sé bronntanais di...tá greann sa dán...

**Ní maith**...tá sí ag magadh faoi...tá sí drochmheasúil...tá sí ag gáire faoi...deir sí drochrudaí faoina shúile/faoina ghruaig...

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

(b) **Géibheann**

(25 marc)

- (i) Cén mothúchán is mó a thaispeánann an t-ainmhí sna línte 1-8 den dán *Géibheann*, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin mothúchán sin sna línte 1-8.

(9 marc)

An mothúchán is mó = 1 mharc

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

An mothúchán is mó = bród, áthas, brón...

**Freagraí samplacha:** Tá an t-ainmhí bródúil mar tá sé ag rith timpeall san fhoraois/sa teochrois...tá sé láidir mar tá sé ag búireadh, tá na crainn ag croitheadh lena bhéicíl...

- (ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den ainmhí a fhaighimid sna línte 9-12 den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

**Freagraí Samplacha:** Tá an t-ainmhí faoi ghlas/i ngéibheann/sa zú...tá an t-ainmhí ina lúí síos...tá súil amháin dúnta...féachann sé amach ar chrann atá ag fás lasmuigh den chás...tá sé lag/tuirseach/míshona...níl fuinneamh ann...níl dínit ag baint lena shaol...tá sé éadóchasach anois...

- (iii) Cén t-eolas a fhaighimid sna línte 13-17 faoi na daoine a fheiceann an t-ainmhí anois? (Is leor **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin**.)

(8 marc)

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

**Freagraí samplacha:** tagann a lán cuairteoirí gach lá ag féachaint air...tá sé míshásta leis na daoine mar ní scaoilfidh siad amach é...

Línte cuí ón dán gan rian an iarrthóra orthu = 2 mharc + 2 mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]



Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin téama sin sa dán.

(9 marc)

Príomhthéama an dáin = 1 mharc

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

- (ii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán.

(7 marc)

An mothúchán is láidre = 1 mharc

**Dhá** shampla = 3 mharc + 3 mharc

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(7 marc)

Is maith/Ní maith = 1 mharc

**Dhá** fháth = 3 mharc + 3 mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 marc)

Ainm an dáin = 1 mharc

Ainm an fhile = 1 mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

- (b) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

**Dhá** lomphointe = 2 mharc (1 mharc + 1 mharc)

Forbairt = 7 marc (4 mharc + 3 mharc)

- (ii) Mínigh, **i d'fhocail féin**, an íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

An íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat = **1** mharc

**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

- (iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

An t-atmaisféar a lua = **1** mharc

**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 marc)

Ainm an dáin = **1** mharc

Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

## Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúduithe luaithe ar na leatháin mharcála agus réiltín (\*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.

Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

### Litriú:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirfear línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

### Cruinneas na Gaeilge:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfocal; ...

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an úraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí...

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- **An Chluastuiscint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge. [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - An measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc.
- **Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí. [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 2: An Prós** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis. [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta. [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc**

<b>Aicme</b>	<b>Cur síos ar chatagóirí</b>	<b>Marc as 40</b>
Sármhaith	Cruinnúsáid shármhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	34-40
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	28-33
Maith	Cruinnúsáid mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	22-27
Maith go leor	Cruinnúsáid maith go leor ghnéithe ainmnithe den ghramadach	16-21
Lag	Cruinnúsáid lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach	10-15
An-lag	Cruinnúsáid an-lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach	4-9
Easnamhach	Cruinnúsáid easnamhach ghnéithe ainmnithe den ghramadach	0-3

Ní mór don scrúdaitheoir **“SMM i bhfeidhm-scrúd.”** a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

